NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtsonraíocht Ardteistiméireachta Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre (ar a dtugtaí GCAT)

## I gcomhair comhairliúcháin

Feabhra 2025

# An Clár Ábhar


An tsraith shinsearach ..... 1

Réasúnaíocht ..... 2

Aidhmeanna ..... 3

Leanúnachas agus dul chun cinn ..... 3

An tSraith Shóisearach ..... 4

I ndiaidh na sraithe sinsearaí ..... 5

Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach ..... 5

Príomhinniúlachtaí ..... 6

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama ..... 9

Modúl 1: Mé féin agus mo Thodhchaí ..... 11

Snáithe 1: Tuiscint a Fháil Orm Féin ..... 11

Snáithe 2: Mo Chuid Deiseanna le haghaidh Dul Chun Cinn a Thuiscint ..... 16

Modúl 2: Pobal agus Obair ..... 20

Snáithe 1: Léirthuiscint a bheith agam do mo Phobal ..... 21

Snáithe 2: A bheith ag Plé leis an Ionad Oibre ..... 24

Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire ..... 28

Teicneolaíocht Dhigiteach ..... 30

Measúnú ..... 30

Measúnú don teistiúchán ..... 31

Comhpháirt measúnaithe sa bhreis: Mo Chuid Foghlama sa Phraitic ..... 31

Tuairisceoirí cáilíochta le haghaidh Mo Chuid Foghlama sa Phraitic ..... 33

Scrúdú scríofa ..... 35

Socruithe réasúnta ..... 35

Grádú le haghaidh Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta ..... 36

Aguisín 1 Gluais de bhriathra gnímh ..... 37

# An tsraith shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena shláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí | |
|---|---|
| **Folláine agus caidrimh** | Rogha agus solúbthacht |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht** | Leanúnachas agus aistrithe |
| **Dúshláin, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht** | Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| **Foghlaim chun foghlama, foghlaim don saol** | Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid mianach agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an tsraith shinsearach bonn láidir ar fáil don scoláire don aistriú go dtí an Breisoideachas agus Oiliúint, an tArdoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois,

stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, mianach agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

## Réasúnaíocht

Cuireann Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta deiseanna foghlama praiticiúla éagsúla ar fáil don scoláire le bheith rannpháirteach ina phobal áitiúil agus sa saol níos leithne, agus tugtar tacaíocht dó a thuiscint féin a fhorbairt ar an gcaoi a gcuireann sé féin leis an tsochaí go pearsanta. Is bunchloch den tsonraíocht iad forbairt agus éifeachtacht phearsanta, ina mbíonn deiseanna ag an scoláire féinfheasacht a fhorbairt ach tuiscint a fháil ar a chuid láidreachtaí, cumas, spéiseanna agus gnóthachtálacha uathúla féin; agus léirthuiscint a fhorbairt don chaoi uathúil a gcuireann sé féin le sochaí nua-aimseartha inbhuanaithe.

De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre, foghlaimíonn sé le cinntí eolasacha a dhéanamh de réir mar a ullmhaíonn sé don saol a bheidh aige amach anseo i ndiaidh na scoile. Cuimsítear leis sin fócas ar bhunchlocha a fhorbairt maidir le hionaid oibre agus gairmeacha beatha, mar aon le saoránacht ghníomhach. Bíonn deiseanna líonmhara ag an scoláire lena chumas machnamhach pearsanta a thógáil agus a fhorbairt chun tacú lena chuid próiseas cinnteoireachta. Ach staidéar a dhéanamh ar Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre, bíonn deis ag an scoláire raon príomhinniúlachtaí a fhorbairt freisin, ar inniúlachtaí iad a bhfuil gá leo lena chinntiú go mbeidh an scoláire ag foghlaim ar feadh a shaoil agus go mbeidh sé rannpháirteach go héifeachtach sa tsochaí. Inniúlachtaí amhail cumarsáid, obair le

daoine eile agus foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú, mar aon leis na scileanna a bhaineann le faisnéis a bhainistiú agus a chur i láthair agus a bheith liteartha go digiteach, féadfar iad a fhorbairt ach dul i ngleic leis an tsonraíocht seo.

De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre, cothaítear forbairt meoin thionscantaigh de réir mar a bhíonn deiseanna aige le cruthaitheacht, nuálaíocht agus teacht aniar a fhorbairt agus a léiriú, ag forbairt a mhuiníne chun dul in oiriúint do dhúshláin agus deiseanna an tsaoil nua-aimseartha.

## Aidhmeanna

Forbraíonn an scoláire i Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre léirthuiscint don tábhacht atá le phearsanta agus éifeachtacht forbairt de réir mar a théann sé i ngleic leis an domhan mórthimpeall air. Bíonn deiseanna líonmhara ag an scoláire raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt, laistigh de thacar príomhinniúlachtaí, a chuidíonn chun tacú leis an scoláire leas a bhaint as deiseanna inar féidir leis na scileanna sin a chur i bhfeidhm ar raon eispéiris fíorshaoil.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre:

- tuiscint a fhorbairt ar a chuid láidreachtaí, cumas, spéiseanna agus gnóthachtálacha pearsanta
- na bunchlocha a leagan le haghaidh gairmeacha beatha agus ionaid oibre chun tacú le cinnteoireacht níos eolasaí dá aistear oideachais agus dá chonair ghairme amach anseo
- léirthuiscint a bheith aige dá ról sa phobal áitiúil agus mar shaoránach náisiúnta
- meon fiontraíoch a fhorbairt agus a léiriú
- dul in oiriúint níos fearr do dhúshláin agus deiseanna an tsaoil nua-aimseartha.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Tógann Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta ar an eolas, ar na scileanna, ar na luachanna agus ar na meonta a eascraíonn ón oideachas luath-óige go dtí curaclam na sraithe sóisearaí.

## An tSraith Shóisearach

Cuimsítear fócas le foghlaim sa tsraith shóisearach ar fhorbairt na bpríomhscileanna ar fud na n-ábhar ar fad, ar fud na ngearrchúrsaí agus Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2. Tacaíonn na príomhscileanna uile a forbraíodh ar fud an churaclaim le linn na sraithe sóisearaí le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach agus tá na príomhscileanna nasctha go dlúth leis na príomhinniúlachtaí a fhorbraítear trí rannpháirteachas i Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta.

Tá cur síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na sraithe sóisearaí sna Ráitis Foghlama, agus tá breac-chuntas ar fhócas ar leith ar fhiontraíocht in RF 22 agus 23. Bíonn deiseanna ag an scoláire le gníomhú, a bheith nuálach agus scileanna fiontraíocha a fhorbairt. Leagtar béim i sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí ar tuiscint níos doimhne ar fhiontraíocht a fhorbairt trí chabhrú leis an scoláire deiseanna a aithint agus tuiscint a fháil ar fheidhmeanna airgeadais, margaíochta, agus oibríochtúla d’eagraíocht. Bíonn deiseanna ag an scoláire freisin chun an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach a úsáid chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair a dhéanamh agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach, rud a thacaíonn leis an scoláire de réir mar a théann sé i ngleic le measúnuithe rangbhunaithe in ábhair na sraithe sóisearaí. Ina theannta sin, tá sé d’aidhm ag an nGearrchúrsa i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha cumas an scoláire a bheachtú le huirlisí den sórt sin a úsáid go criticiúil agus go sábháilte mar thaca lena chuid foghlama agus chun páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol sóisialta agus pobail ó thaobh cúrsaí digiteacha de. Bíonn deiseanna ag an scoláire i Staidéar Gnó agus ag an scoláire san Aonad Tosaíochta ‘Ullmhú don obair’ de chuid an Chláir Foghlama T2 le tuiscint a fháil ar ghnéithe de shaol na hoibre.

Laistigh den tsraith shóisearach, féadfaidh an scoláire rochtain a fháil ar threoraíocht, agus cuimsítear go minic léi sin béim ar fheasacht a fhorbairt ar ghairmeacha beatha, láidreachtaí agus spéiseanna a shainaithint agus machnamh a dhéanamh ar chonairí gairme féideartha. I réimsí eile Foghlama sa tsraith shóisearach, ar a dtuairiscítear i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, tugtar aitheantas d’eispéiris foghlama a tharlaíonn lasmuigh de spás traidisiúnta an tseomra ranga, agus tá eispéiris foghlama lasmuigh den rang ina bpríomhghné de Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre.

## An Idirbhliain

Cuireann Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre leis an bhfoghlaim atá leagtha amach i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana trí na Gnéithe Scoláire agus na Gnéithe Curaclaim. Cuireann an

fhoghlaim i Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre le foghlaim na mac léinn san Idirbhliain trí dheiseanna a cur ar fáil d'fhorbairt bhreise na mac léinn, agus fócas comhtháite ar éifeachtacht phearsanta agus dul chun cinn trí lionsa na ndeiseanna conair tar éis na sraithe sinsearaí. Léiríonn an fhoghlaim atá leagtha amach i Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre aibíocht agus aois agus céim mhéadaithe scoláirí na 5ú agus na 6ú bliana agus cuireann sí iliomad deiseanna ar fáil do mhic léinn tógáil ar a gcuid réamhfhoghlama agus réamhthaithí.

### I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Ach staidéar a dhéanamh ar Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre tacaítear leis an scoláire de réir mar a fhorbraíonn sé meon oscailte agus dearfach chun dul ar aghaidh chuig saol spreagúil éagsúil níos faide anonn sa saol agus cuirtear bunchloch láidir ar fáil don scoláire a aistríonn go printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus saol na hoibre. Ach staidéar a dhéanamh ar Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre cuirtear neart deiseanna spreagúla ar fáil i réimsí agus róil ghairme thraidisiúnta agus úrnua araon, laistigh den phobal áitiúil agus sa phobal níos leithne. Ionchorpraíonn Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre raon leathan scileanna inaistrithe laistigh de thacar príomhinniúlachtaí, amhail cumarsáid, fadhbréiteach, cruthaitheacht, nuálaíocht, comhoibriú agus teacht aniar, ar inniúlachtaí iad a fhéadfaidh an scoláire a chur i bhfeidhm i roinnt mhaith gnéithe éagsúla dá shaol faoi láthair agus sa saol a bheidh aige amach anseo. Ach staidéar a dhéanamh ar Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre tabharfar na huirlisí don scoláire a bhfuil gá leo chun éifeachtacht phearsanta a fhorbairt, rud a chuideoidh leis a chion a dhéanamh go rathúil sa tsochaí nua-aimseartha agus a bheith rannpháirteach inti.

## Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn **laistigh** den ábhar nó den mhodúl sonrach faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud

na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig saol éagsúil níos faide anonn i mBreisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina shaol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair an scoláire a dhoimhniú, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena fhorbairt iomlánaíoch mar dhuine.


## Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí* ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.




*Fíor 1 Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mianaítear leo*

Leagtar amach an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl na modúl sna príomhinniúlachtaí.




*Fíor 2 Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.*

Tá na scileanna seo nasctha le chéile agus is féidir iad a chónascadh; is féidir leo feabhas a chur ar fhoghlaim fhoriomlán an scoláire; is féidir leo cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama; agus tá tábhacht ag baint leo tríd an gcuraclam go léir.

Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag https://ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-redevelopment/student-key-competencies/


Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre ar réimse bealaí. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre, beidh neart deiseanna aige le dul i ngleic le heispéiris foghlama éagsúla laistigh agus lasmuigh den suíomh scoile araon. Ach tacú leis an bhfoghlaim sa seomra ranga le heispéiris foghlama laistigh den phobal áitiúil agus sa tsochaí níos leithne, bíonn deiseanna ag an scoláire le príomhinniúlachtaí a fhorbairt maidir le cumarsáid agus obair le daoine eile ar fud raon leathan comhthéacsanna, ag forbairt tuiscint níos doimhne ar a thábhachtaí atá comhoibriú agus idirghníomhaíochtaí fiúntacha le daoine eile i gcaidrimh dhearfacha oibre. Trí bhíthin chumas na cumarsáide, forbraíonn an scoláire réimse scileanna cumarsáide ach dul i ngleic le faisnéis agus í a chur i láthair ar bhealach soiléir ciallmhar i bhformáidí éagsúla, amhail tuarascálacha, cuir i láthair agus agallaimh. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le faisnéis, foghlaimíonn sé le hiontaofacht na faisnéise a cheistiú ar bhealach criticiúil. Foghlaimeoidh an scoláire le spriocanna foghlama pearsanta a shocrú, dul i mbun pleanáil tionscadail agus roghanna eolasacha a dhéanamh mar fhreagairt ar chásanna agus fadhbanna éagsúla de réir mar a théann sé i ngleic le Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre, ag forbairt na bpríomhinniúlachtaí a bhaineann le smaointeoireacht agus fadhbréiteach araon, agus ag bainistiú faisnéise agus i mbun féinbhainistiú.

Bíonn deiseanna ag an scoláire le bheith cruthaitheach de réir mar a fhoghlaimíonn sé lena bhealach a dhéanamh trí chásanna dúshlánacha agus déileáil leo, agus bíonn léirthuiscint aige gur cuid den phróiseas foghlama é botúin a dhéanamh. Forbraítear an phríomhinniúlacht a bhaineann le folláine a chothú, de réir mar a fhorbraíonn an scoláire muinín agus teacht aniar tríd an bpróiseas sin. De réir mar a dhéanann an scoláire a bhealach trí shaincheisteanna sochaíocha dúshlánacha, bíonn deiseanna aige le foghlaim ó nuálaíocht daoine eile chun a chuid réiteach cruthaitheach agus nuálach féin a fhorbairt ar chásanna agus fadhbanna éagsúla, ag forbairt phríomhinniúlacht na cruthaitheachta. Ach foghlaim le gníomhú ar bhealach inbhuanaithe eiticiúil i leith saincheisteanna sochaíocha, forbraíonn an scoláire an phríomhinniúlacht a bhaineann le bheith rannpháirteach sa tsochaí freisin.

Tacaíonn litearthacht agus uimhearthacht le forbairt na bpríomhinniúlachtaí uile i seomra ranga an Staidéir Pobail, Saoil agus Oibre, agus bíonn deiseanna uathúla ann chun forbairt agus feabhas a dhéanamh ar an litearthacht dhigiteach. Cuirtear deiseanna iomadúla ar fáil don scoláire le linn na sonraíochta seo chun príomhinniúlachtaí a fhorbairt de réir mar a théann sé i ngleic go gníomhach leis na torthaí foghlama, agus tugtar tuilleadh tacaíochta dó nuair a théann sé i mbun machnamh agus meastóireacht ar a mhéid a théann sé i ngleic leis na príomhinniúlachtaí é féin.

## Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Tá an tsonraíocht seo comhdhéanta de dhá mhodúl chomhtháite: *Mé féin agus mo Thodhchaí*; agus *Pobal agus Obair*, a ceapadh le haghaidh 120 uair an chloig ar a laghad d'am ranga. Tá ceithre shnáithe agus ceithre Thasc Foghlama Feidhmí scaipthe ar fud an dá mhodúl, a ceapadh le staidéar a dhéanamh orthu agus le dul i ngleic leo, i seicheamh neamhlíneach agus iad fite fuaite ina chéile, mar a leagtar amach i bhFíor 3. An t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a d'fhorbair an scoláire trína rannpháirteachas leis na torthaí foghlama i ngach snáithe, tacaíonn siad leis an scoláire a chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir lena chuid rannpháirteachais leis na Tascanna Foghlama Feidhmí. Féadfaidh an scoláire dul i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí ar dtús agus dul i ngleic leis na torthaí foghlama sna snáitheanna staidéir ina dhiaidh sin, nó mar mhalairt air sin, féadfaidh sé tosú leis na torthaí foghlama i ngach snáithe, ag forbairt i dtreo a rannpháirteachais leis na Tascanna Foghlama Feidhmí.




*Fíor 3 Forbhreathnú ar an tsonraíocht*

Ceapadh an tsonraíocht seo chun tacú le cur chuige comhtháite i leith fhoghlaim an scoláire. Foghlaimíonn an scoláire cé hé féin mar dhuine, agus an chaoi ar féidir leis forbairt phearsanta a dhéanamh sa cháil sin, trí bhíthin eispéiris foghlama éagsúla, laistigh den seomra ranga agus sa phobal araon, a leagtar amach i dtorthaí foghlama na sonraíochta seo. De réir mar a théann an scoláire i ngleic leis an bhfoghlaim a leagtar amach sa tsonraíocht seo, cruthaíonn sé taifead foghlama ar na heispéiris chéanna i bpunann a fhorbraítear i gcaitheamh an dá bhliain de staidéar. Tacaítear leis an scoláire próifíl phearsanta ghonta a chruthú ach an phunann sin a chruthú agus a fhorbairt. Cuireann sé sin deis fhiúntach bharántúil ar fáil dó lena thuiscint fhorbartha agus eolasach air féin a léiriú mar aon leis an gcaoi ar fhorbair sé go pearsanta trína rannpháirteachas leis an tsonraíocht seo agus le heispéireas níos leithne na sraithe sinsearaí.

Tá foghlaim ó thaithí mar bhonn taca faoin tsonraíocht seo agus tá trí ghné thrasghearrtha inti; rannpháirtíocht, machnamh agus cur i bhfeidhm, ar gnéithe iad a chuireann creat timthriallach ar fáil chun tacú leis an scoláire de réir mar a théann sé i ngleic go gníomhach le heispéiris foghlama éagsúla. Tá na gnéithe trasghearrtha fairsing ó dhúchas agus is minic a bhíonn siad idirnasctha. Tá deiseanna chun fiosrú a dhéanamh ar na gnéithe trasghearrtha fite fuaite ar fud thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Cuireann an tsonraíocht deiseanna líonmhara ar fáil don scoláire le bheith rannpháirteach in eispéiris foghlama éagsúla agus machnamh a dhéanamh orthu i gcomhthéacsanna éagsúla. Déanann an scoláire machnamh ar a chuid rannpháirtíochta agus cuireann sé an tuiscint nua sin i bhfeidhm maidir le heispéiris foghlama nua, rud a chuireann bonn eolais faoi fhorbairt phróifíl phearsanta an scoláire agus a thacaíonn leis an bhforbairt chéanna.

Tugtar léargas ginearálta ar gach modúl agus na snáitheanna tacaíochta a ghabhann leo thíos, agus tábla ina dhiaidh sin. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn.

## Modúl 1: Mé féin agus mo Thodhchaí

Is céim thábhachtach agus bhunúsach é tuiscint a fháil ar an duine atá ann féin, de réir mar a thosaíonn an scoláire ag fiosrú agus ag iniúchadh deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn mar aon le conairí éagsúla i ndiaidh na sraithe sinsearaí. Sa mhodúl seo bíonn neart deiseanna ag an scoláire le fiosrú a dhéanamh ar an duine atá ann féin, rud a thacaíonn leis tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar na luachanna pearsanta; cumais, mianaigh, gnóthachtálacha agus spéiseanna; láidreachtaí agus laigí; agus tacair scileanna ghaolmhara seo aige. Cuireann an modúl seo deiseanna ar fáil don scoláire freisin le fiosrú a dhéanamh ar na deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn atá ar fáil dó anois agus a bheidh ann go luath amach anseo, ina measc, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus saol na hoibre. Tosaíonn an scoláire ag déanamh fiosrú ar shaol na hoibre sa chiall is leithne de sa mhodúl seo. De réir mar a théann an scoláire i ngleic leis na torthaí foghlama sa mhodúl seo, forbróidh sé an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta is gá chun dul i ngleic go rathúil leis na Tascanna Foghlama Feidhmí gaolmhara. Cruthóidh an scoláire ráiteas pearsanta i dTasc Foghlama Feidhmí 1, ina léireofar cé hé féin mar dhuine mar aon le spriocanna forbartha pearsanta. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 2, cruthóidh sé plean maidir le dul chun cinn gairme ina leagfar amach an chaoi a n-ailíníonn a ráiteas pearsanta leis an bplean sin.

## Snáithe 1: Tuiscint a Fháil Orm Féin

Sa snáithe seo, *Tuiscint a Fháil Orm Féin*, déanann an scoláire fiosrú ar fhéinchoincheap agus an tábhacht atá le luachanna pearsanta, amhail príomhchreidiúintí, a thacaíonn le duine de réir mar a dhéanann sé a bhealach trína shaol. Déanann an scoláire fiosrú ar a chuid mianach, cumas, gnóthachtálacha agus spéiseanna féin agus tosaíonn sé ag nascadh leis na scileanna is gá don saol, ag sainaithint agus ag anailísiú a chuid scileanna féin. Cé go bhféadfaidh sé gur eispéireas pearsanta agus uathúil a bhíonn i gceist le fiosrú a dhéanamh ar luachanna, agus láidreachtaí agus laigí a bhaineann le scileanna, spreagtar don scoláire fiosrú a dhéanamh ar na réimsí sin trí lionsa na ndeiseanna le haghaidh dul chun cinn laistigh de phrintíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus an t-ionad oibre, rud a thacóidh leis dul i ngleic go rathúil le bealaí éagsúla dul chun cinn i ndiaidh na sraithe sinsearaí. Ach béim a leagan ar mhachnamh agus gníomhú de réir aiseolais a fhaightear ó dhaoine eile, tacaítear leis an scoláire de réir mar a thosaíonn sé ag aithint deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta ina leith sin, agus deiseanna ann chun spriocanna

forbartha pearsanta a chruthú ar féidir iad a phleanáil, a thomhas agus a bhaint amach trína chuid rannpháirteachais le heispéiris foghlama éagsúla, istigh sa seomra ranga agus sa phobal níos leithne araon. Bíonn deis ag an scoláire an fhoghlaim a d'fhorbair sé sa snáithe seo agus ar fud na sonraíochta a chur i bhfeidhm, trí Thasc Foghlama Feidhmí 1, ina gcruthóidh sé ráiteas pearsanta ina dtabharfar forléargas eolasach machnamhach ar an gcineál duine atá ann.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| 1. Cé mé féin mar dhuine?<br><br>• féinchoincheap mar bhailiúchán tuairimí fút féin agus an chaoi a gcorpraíonn féinchoincheap an freagra ar an gceist, "Cé mé féin?"<br>• tosca inmheánacha agus seachtracha a théann i gcion ar fhéinchoincheap; tosca inmheánacha lena gcuimsítear tréithe pearsantachta agus próisis chognaíocha amhail iompraíochtaí, róil agus cumais; agus tosca seachtracha lena gcuimsítear idirghníomhaíochtaí sóisialta duine agus tionchair thimpeallachta amhail teaghlach, comhscoláirí agus na meáin shóisialta<br><br>• luachanna pearsanta amhail príomhchreidiúintí ar féidir leo gníomhú mar spriocanna inmhianaithe chun gníomh a spreagadh agus chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí duine sa saol, a charachtar a mhúnlú agus dul i gcion ar a iompraíocht. Áirítear le luachanna coiteanna macántacht, dílseacht, meas agus iontaofacht, ach níl siad teoranta do na nithe sin<br>• an chaoi leis na luachanna atá tábhachtach dó a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta, agus a thuiscint cén fáth a bhfuil siad tábhachtach, de réir mar a théann sé ar aghaidh trí chéimeanna éagsúla den saol, ach dul i ngleic le cleachtaí féinmheasúnaithe | 1. an téarma 'féinchoincheap' a mhíniú<br><br>2. tosca inmheánacha agus seachtracha a théann i gcion ar fhéinchoincheap duine agus ar an gcineál duine atá ann a shainaithint<br><br>3. breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht atá le luachanna pearsanta sa saol, na luachanna is tábhachtaí dó a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta agus an chúis leis sin<br><br>4. an chaoi agus an fáth a bhféadfadh luachanna pearsanta athrú de réir mar a théann sé ar aghaidh tríd an saol a aithint |

<table>
<tr><th>Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:</th><th>Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire</th></tr>
<tr><td><ul><li>cineál uathúil agus forbarthach na mianach, na gcumas, na ngnóthachtálacha agus na spéiseanna, a fhorbraíonn le himeacht aimsire<ul><li>is é rud is mianach ann ná an claonadh nádúrtha atá ag duine do ghníomhaíocht ar leith a mhéadaíonn an dóchúlacht go n-éireoidh leis</li><li>is cúiseanna ratha iad gnóthachtálacha atá saothraithe go maith le tréaniarracht nó ardscil</li><li>spéiseanna mar rud a thaitníonn leat a bheith ina bhun, ag déanamh staidéar air nó ag fáil taithí air, beag beann ar chúrsaí inniúlachta</li></ul></li></ul></td><td>5. cineál uathúil na mianach, na gcumas, na ngnóthachtálacha agus na spéiseanna a aithint<br><br>6. a chuid mianach, cumas, gnóthachtálacha agus spéiseanna a shainaithint, agus machnamh á dhéanamh ar an gcaoi ar tháinig forbairt orthu</td></tr>
<tr><td><u>2. An tacar scileanna seo agam</u><ul><li>sainchuntais róil poist agus an friotal agus an fhormáid a úsáidtear le linn tacair scileanna a leagan amach, is scileanna atá idir riachtanach agus inmhianaithe don ról, le haghaidh gairmeacha beatha agus róil phoist éagsúla, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht atá le scileanna áirithe le haghaidh gairmeacha beatha nó róil phoist ar leith</li><li>saol na hoibre agus an chaoi ar tháinig athrú nach beag air, tionchar teicneolaíochtaí nua, ceisteanna inbhuanaitheachta agus an timpeallacht oibre dhomhanda atá ag síorathrú a thuiscint</li><li>tacar scileanna inaistrithe, ina bhfuil idir scileanna boga agus scileanna crua, a thacaíonn le duine dul in oiriúint agus forbairt do luas athraitheach an tsaoil agus an ionaid oibre</li></ul></td><td>1. breithmheas a thabhairt ar shainchuntas róil poist, agus aitheantas á thabhairt don tacar scileanna is gá le haghaidh gairmeacha beatha agus róil phoist éagsúla<br><br>2. léirthuiscint a bheith aige go mbíonn saol na hoibre ag síorathrú agus cur síos a dhéanamh ar an tábhacht atá le tacar scileanna inaistrithe a fhorbairt</td></tr>
</table>

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • scileanna crua arb iondúil go mbíonn siad sonrach don ghairm bheatha agus don tasc agus ar féidir iad a mhúineadh, staidéar a dhéanamh orthu agus feabhas a chur orthu trí oiliúint; ar shamplaí de sin tá scileanna pleanála, eagrúcháin agus praiticiúla<br>• scileanna boga arb iondúil go bhforbraítear mar thoradh ar phearsantacht duine iad, agus a chuimsíonn scileanna idirphearsanta agus scileanna pearsanta<br>    ○ scileanna idirphearsanta lena gcuimsítear éisteacht ghníomhach agus ceannaireacht, ach gan bheith teoranta dóibh, ar scileanna iad a dhíríonn ar chúnamh a thabhairt do dhaoine le cumarsáid a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar a chéile<br>    ○ scileanna pearsanta lena gcuimsítear treallús agus inspreagadh, ach gan bheith teoranta dóibh, ar scileanna iad a léiríonn dearcadh agus iompraíochtaí duine sa saol (san ionad oibre) | 3. scileanna crua agus boga a rangú, agus samplaí de cheachtar cineáil á sainaithint |
| • ach tacar scileanna boga a bheith forbartha go maith ag duine, is féidir cur le timpeallacht oibre tháirgiúil shona<br>• scileanna boga a bheith nasctha go nádúrtha le pearsantacht, ar scileanna iad is féidir iad a fhoghlaim agus a fhorbairt | 4. léirthuiscint a bheith aige go gcuirtear luach ard ar scileanna boga agus an chaoi ar féidir iad a fhoghlaim agus a chur chun feabhais |
| • scileanna crua agus boga atá láidir nó dea-fhorbartha, agus aitheantas á thabhairt don chaoi ar tháinig forbairt ar na scileanna sin le himeacht aimsire agus laistigh de chomhthéacsanna éagsúla, amhail trí eispéiris foghlama ar scoil agus laistigh d'ábhair, eispéiris | 5. scileanna crua agus boga a léiríonn sé láidreachtaí ar leith iontu a shainaithint, agus léiriú á thabhairt ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar na scileanna céanna |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| seach-churaclaim agus chomhchuraclaim, agus eispéiris saoil | |
| • scileanna crua agus/nó boga nach bhfuil chomh forbartha céanna agus a dteastaíonn tuilleadh oibre agus feabhsúcháin ina leith | 6. scileanna crua agus/nó boga a dteastaíonn tuilleadh forbartha ina leith a shainaithint |
| • an tábhacht atá le machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile, amhail comhscoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus/nó caomhnóirí agus maoirseoirí taithí oibre, agus aitheantas a thabhairt do láidreachtaí ina thacar scileanna féin, ar láidreachtaí iad nach mbeadh chomh soiléir céanna nuair a théitear i mbun féinmhachnaimh | 7. machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile ar a thacar scileanna agus ar láidreachtaí nach mbeadh sainaitheanta trí fhéinmhachnamh |
| • an chaoi le réimsí ina shaol le haghaidh forbairt phearsanta a shainaithint, ar réimsí iad atá suibiachtúil do gach duine aonair, ag ailíniú le deiseanna le haghaidh dul chun cinn amach anseo agus ag díriú ar laigí agus/nó láidreachtaí a sainaithníodh a chur chun feabhais<br>• spriocanna le haghaidh forbairt phearsanta mar thorthaí inmhianaithe a bhfuil sé beartaithe ag duine iad a bhaint amach agus an chaoi ar féidir tacú le pleanáil, tomhas agus baint amach na spriocanna trí eispéiris foghlama fhiúntacha laistigh den seomra ranga agus sa phobal níos leithne ach úsáid a bhaint as creat socraithe spriocanna, amhail spriocanna SMART | 8. spriocanna a shocrú don fhorbairt phearsanta agus monatóireacht a dhéanamh orthu |
| <u>3. Tasc Foghlama Feidhmí 1</u> | |
| • ráiteas pearsanta a chruthú agus a fhorbairt, ar ráiteas sintéisithe é ar an gcineál duine atá ann<br>• ionchorpraíonn ráiteas pearsanta luachanna pearsanta; mianaigh, cumais, gnóthachtálacha agus | 1. ráiteas pearsanta a chruthú ina léireofar cé hé féin mar dhuine |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| spéiseanna; tacar scileanna agus láidreachtaí agus laigí gaolmhara, agus spriocanna le haghaidh forbairt phearsanta<br>• an chaoi le tacú le ráiteas pearsanta maille le fianaise; d'fhéadfaí téacs, léaráidí, grianghraif, físeáin agus míreanna fuaime tacaíochta a chuimsiú leis sin | |

## Snáithe 2: Mo Chuid Deiseanna le haghaidh Dul Chun Cinn a Thuiscint

Sa snáithe seo, *Mo Chuid Deiseanna le haghaidh Dul Chun Cinn a Thuiscint*, déanann an scoláire fiosrú agus foghlaim faoin tábhacht atá le deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn i ndiaidh na scoile, ar deiseanna iad atá ar fáil don uile scoláire, agus tosaíonn sé ag fáil léirthuiscint dó sin. Bíonn deiseanna ag an scoláire sa snáithe seo le fiosrú agus iniúchadh a dhéanamh ar chonairí éagsúla dul chun cinn san oideachas, san oiliúint agus san ionad oibre, is conairí a ailíníonn agus a thacaíonn le forbairt a chuid mianach, cumas, gnóthachtálacha agus spéiseanna, ar nithe iad sin uile a chuireann leis an dóchúlacht go n-éireodh leis laistigh de chonairí éagsúla. As sin amach, déanann an scoláire fiosrú ar shaol na hoibre, sa chiall is leithne de, agus léirthuiscint aige do na cúiseanna éagsúla a mbíonn daoine ag obair, ag iniúchadh na gceart agus na bhfreagrachtaí éagsúla a thugtar d'oibrithe agus d'oibrithe óga go háirithe. Cuirtear deiseanna ar fáil don scoláire le treochtaí éagsúla i margadh an tsaothair a fhiosrú, agus tuiscint aige ar ról tábhachtach na fiontraíochta laistigh de mhargadh an tsaothair, agus ina dhiaidh sin tugann sé faoi fhiosrú ar an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht dhigiteach ar threochtaí san ionad oibre, amhail cianobair agus saorobair. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 2, cuireann sé an fhoghlaim a d'fhorbair sé i bhfeidhm trína rannpháirteachas leis an snáithe seo agus leis an tsonraíocht níos leithne, chun plean um dhul chun cinn gairme a chruthú a ailíníonn leis an tuiscint atá aige ar an gcineál duine atá ann agus a chuid spriocanna forbartha pearsanta.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| 1. Mo chuid deiseanna le haghaidh dul chun cinn a fhiosrú | |
| • deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn laistigh de chonairí i ndiaidh na scoile, ina measc, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus saol na hoibre<br>• an chaoi a dtéann roghanna agus tosaíochtaí éagsúla laistigh de chonairí i ndiaidh na scoile i gcion ar shochaí fheidhmiúil nua-aimseartha inbhuanaithe agus a gcuireann léi ar bhealach dearfach | 1. éagsúlacht na ndeiseanna le haghaidh dul chun cinn atá ar fáil dó a shainaithint |
| • réimse gairme mar chatagóir leathan oibre a chuimsíonn róil phoist éagsúla a éilíonn scileanna, ardinniúlacht agus cáilíochtaí comhchosúla<br>• an chaoi a mbíonn tionchar ag roinnt mhaith tosca ar spéis i réimse gairme, ina measc, rannpháirteachas le hábhair, spéiseanna agus tacair scileanna a d'fhéadfadh bláthú laistigh de réimse gairme, eispéiris agus eolas roimhe seo ar an réimse gairme, tuilleamh féideartha amach anseo, treochtaí oibre domhanda agus riachtanais agus dúshláin áitiúla, ach gan bheith teoranta do na nithe sin | 2. tuiscint a léiriú ar an téarma 'réimse gairme' agus réimsí gairme a bhfuil suim aige iontu a shainaithint |
| • an chaoi le taighde a dhéanamh ar róil phoist, agus d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin agallamh a chur ar dhuine atá ag obair i ról, taithí oibre, freastal ar léiriú gairmeacha agus/nó oideachais, laethanta oscailte, litríocht na meán, agus comhairliúchán le Comhairleoir Gairmthreorach | 3. róil phoist roghnaithe laistigh de réimse gairme a shainaithint agus taighde a dhéanamh orthu, ag léiriú cén chaoi ar féidir le gnéithe dá ráiteas pearsanta tacú le tuilleadh fiosraithe ar ról poist faoi leith |
| • an chaoi ar féidir tacú le conair chun cinn ar an iomlán trí dheiseanna oideachais agus oiliúna breise, ó thacaíocht airgeadais chomh fada le hobair pháirtaimseartha, forbairt | 4. tuiscint a léiriú ar an gcaoi a bhféadfaidh deiseanna oideachais agus oiliúna breise atá ar fáil don scoláire sa tsraith shinsearach tacú le conair chun cinn amach anseo |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| scileanna comhlántacha nó fiosrú ar réimse gairme<br>• i measc samplaí de dheiseanna oideachais agus oiliúna a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cáilíochtaí breise, tá gearrchúrsaí de chuid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, amhail oiliúint gharchabhrach, tarrtháil agus cúrsaí pas shábháilte<br><br>• soláthraithe éagsúla oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear soláthraithe Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais, agus cuideachtaí príobháideacha agus coláistí, ach gan bheith teoranta dóibh sin, tuiscint a fháil ar na deiseanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith i gceist le gach soláthraí | 5. iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil don scoláire i ndiaidh na sraithe sinsearaí a d'fhéadfadh tacú le rannpháirteachas rathúil le ról poist roghnaithe |
| 2. Obair sa chiall is leithne de<br><br>• cúiseanna éagsúla a n-oibríonn daoine, amhail a gcuid spéiseanna agus scileanna a fhorbairt a thuilleadh; féinmheas, tuilleamh agus cinnteacht phoist a mhéadú; cur leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar; agus tacú le spriocanna pearsanta a bhaint amach<br>• patrúin fostaíochta atá ag athrú a thacaíonn le cúinsí pearsanta duine, amhail oideachas agus oiliúint, taisteal, teaghlach agus ceangail airgid<br>• an chaoi a bhfuil cearta agus teidlíochtaí áirithe ag an uile oibrí, idir pháirtaimseartha agus lánaimseartha, faoi ghnéithe éagsúla den reachtaíocht fostaíochta, ar cearta agus teidlíochtaí iad a chuireann cosaint ar fáil don oibrí, ina measc pá íosta, seachtain oibre íosta, conarthaí agus duillíní pá, sosanna le linn uaireanta oibre, saoire ón obair, cóir chomhionann agus íostréimhsí fógartha, iomarcaíocht agus dífhostú, ach gan bheith teoranta do na nithe sin | 1. cúiseanna éagsúla a mbíonn daoine ag obair a shainaithint, agus scrúdú á dhéanamh ar phatrúin éagsúla fostaíochta i gcaitheamh saol duine<br><br>2. iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear cosaint ar fáil don uile oibrí de bharr cearta agus teidlíochtaí fostaíochta |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • oibrithe óga mar iad siúd idir 14 agus 18 mbliana d'aois, agus oibrithe idir 14 agus 15 bliana d'aois aicmithe mar pháistí, agus iad siúd atá 16 agus 17 mbliana d'aois aicmithe mar dhaoine óga<br>• cosaintí breise atá i bhfeidhm chun tacú le hoibrithe óga, arb iondúil go mbíonn siad ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir an obair agus an t-oideachas, amhail teorainneacha aoise a shocrú le haghaidh fostaíochta, uaireanta uasta oibre, srianta ar obair dhéanach agus ceanglais ar fhostóirí taifid shonracha a choinneáil i gcás oibrí faoi bhun 18 mbliana d'aois | 3. tuiscint a léiriú ar na catagóirí éagsúla d'oibrithe óga, agus breac-chuntas á thabhairt ar na cosaintí breise a thugtar do dhaoine óga |
| • an chaoi a rannchuidíonn an cháin a íoctar le sochaí fheidhmiúil a fhorbairt, ós rud é go dtacaíonn sí le seirbhísí poiblí a mhaoiniú, amhail cúram sláinte, oideachas, bonneagar agus an clár leasa shóisialaigh<br>• fostaíocht a chlárú ar líne chun tacú leis an méid ceart cánach a íoc | 4. an ról a bhaineann le cáin phearsanta a aithint agus tuiscint a léiriú ar an tábhacht atá le fostaíocht a chlárú leis na Coimisinéirí Ioncaim |
| • margadh an tsaothair mar áit mhargaidh inar ann do threochtaí idir soláthar (cuardaitheoirí poist) agus éileamh (fostóirí)<br>• treochtaí i margadh an tsaothair a bhaineann le róil a thagann chun cinn, amhail an geilleagar ciorclach, sonraí agus intleacht shaorga (IS), agus táirgeadh inneachair | 5. tuiscint a léiriú ar mhargadh an tsaothair agus iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí i margadh an tsaothair agus deiseanna fostaíochta ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta |
| • ról na fiontraíochta laistigh de mhargadh an tsaothair maidir le deiseanna nua a chruthú trí nuálaíocht agus dul i bhfiontar | 6. tuiscint a léiriú ar an bhfiontraíocht agus an ról atá aici laistigh de mhargadh an tsaothair |
| • treochtaí san ionad oibre atá ag athrú a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach, amhail cianobair, IS, an borradh faoin bhféinfhostaíocht agus faoin tsaorobair, agus aitheantas á | 7. tionchar na teicneolaíochta digití ar threochtaí san ionad oibre a phlé |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| thabhairt do na dúshláin agus na deiseanna a d'fhéadfadh teacht aníos de dhroim na dtreochtaí sin | |
| <u>3. Tasc Foghlama Feidhmí 2</u><br><br>• is é rud atá i gceist le plean um dhul chun cinn gairme ná spriocanna a úsáid, amhail spriocanna SMART, chun conair a chruthú ón staid ina bhfuil tú anois chomh fada le staid amach anseo<br>• is éagsúil a bhíonn na conairí a thacaíonn le plean um dhul chun cinn gairme a bhaint amach agus is minic a bhíonn siad idirnasctha, amhail na cinn siúd san oideachas agus san oiliúint agus na cinn san ionad oibre<br>• an nádúr atriallach a bhaineann le plean um dhul chun cinn gairme agus an tábhacht atá lena ailíniú le ráiteas pearsanta ina léirítear cé hé féin mar dhuine | 1. plean um dhul chun cinn gairme a chruthú ina n-ionchorpraítear deiseanna éagsúla oideachais, oiliúna agus ionaid oibre agus ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a n-ailíníonn sé lena ráiteas pearsanta |

## Modúl 2: Pobal agus Obair

Sa mhodúl seo, *Pobal agus Obair*, déanann an scoláire fiosrú ar choincheap an phobail agus an ionaid oibre, agus foghlaimíonn sé le léirthuiscint a bheith aige do thábhacht an phobail agus an ról atá aige laistigh den phobal agus san ionad oibre. Déanann an scoláire fiosrú ar a phobal féin agus ar na deiseanna agus na dúshláin atá ann, agus aithníonn sé an tábhacht atá le páirt a ghlacadh ina phobal agus le bheith ag cur leis ar bhealach dearfach. Bíonn deiseanna ag an scoláire le samplaí den nuálaíocht a iniúchadh agus na hinniúlachtaí a bhaineann leis an bhfiontraíocht a fhiosrú, agus ina dhiaidh sin téann sé i mbun tasc comhoibríoch réitigh fadhbanna ina n-úsáidtear cur chuige na smaointeoireachta deartha, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist ar leith ina phobal. Bíonn deis ag an scoláire freisin le saol na hoibre a fhiosrú a thuilleadh, ag foghlaim faoin bpróiseas iarratais agus agallaimh agus ag dul i ngleic leis, chun tacú leis de réir mar a ullmhaíonn sé dá thaithí oibre féin laistigh dá phobal áitiúil agus/nó sa phobal níos leithne agus a théann sé i ngleic léi. Tacaíonn rannpháirtíocht san ionad oibre, trí thaithí oibre, leis an scoláire a thacar scileanna agus a chumas machnamhach a fhorbairt, de réir mar a ghlacann sé le haiseolas ó dhaoine eile agus a fhreagraíonn dó. De réir mar a théann an scoláire i ngleic leis na torthaí foghlama sa mhodúl seo, leanfaidh sé den eolas, de na

scileanna, na luachanna agus na meonta is gá a fhorbairt, is cinn atá bainteach le rannpháirteachas rathúil le Tascanna Foghlama Feidhmí 3 agus 4. I dTasc Foghlama Feidhmí 3, déanfaidh an scoláire machnamh ar a rannpháirteachas le tasc comhoibríoch réitigh fadhbanna, ag léiriú cén chaoi a ndéanfadh sé a chur chuige i leith saincheist a bheidh ann amach anseo a bheachtú. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 4, ceapfaidh sé plean a thacaíonn le freagairt d'aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile le linn a thaithí oibre agus déanfaidh sé measúnú ar an bplean sin.

## Snáithe 1: Léirthuiscint a bheith agam do mo Phobal

Sa snáithe seo, *Léirthuiscint a bheith agam do mo Phobal*, foghlaimíonn an scoláire le tuiscint a fháil ar an tábhacht atá leis an bpobal ó pheirspictíocht áitiúil agus dhomhanda, agus sainaithneoidh sé bealaí éagsúla le bheith rannpháirteach ina phobal féin agus le cur leis ar bhealach dearfach. Bíonn deiseanna ag an scoláire fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh saincheisteanna éagsúla dul i gcion ar ghrúpaí éagsúla ina phobal, cibé acu ar bhealach diúltach nó dearfach, agus déanfaidh sé iniúchadh ar ról na fiontraíochta sa phobal. Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i mbun comhair lena chuid comhscoláirí ar mhaithe le fadhb a shainaithin siad ina bpobal a réiteach, ach úsáid a bhaint as cur chuige na smaointeoireachta deartha i leith réiteach fadhbanna agus déanfaidh siad a gcuid réiteach beartaithe a chur faoi bhráid an phobail níos leithne. Trína rannpháirteachas leis na torthaí foghlama sa snáithe seo, déanfaidh an scoláire machnamh ar an ról atá aige le linn an taisc chomhoibríoch réitigh fadhbanna, agus tabharfaidh sé breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh sé a chur chuige a bheachtú de réir mar a fhreagraíonn sé do shaincheisteanna a bheidh ann amach anseo, agus é ag dul i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 3.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| <u>1. Léirthuiscint a bheith agam do mo phobal</u><br><br>• an pobal mar aonad sóisialta<br>• pobal náisiúnta agus domhanda mar ghrúpa daoine atá nasctha de bharr spéis nó gníomhaíocht chomhchoiteann, i gcomparáid le pobal áitiúil a chuimsíonn daoine atá ag cur fúthu i gceantar faoi leith | 1. a bhfuil i gceist le pobal a mhíniú ó pheirspictíocht áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • gur tiomantas ama agus fuinnimh í obair dheonach ar mhaithe leis an tsochaí, an pobal, an comhshaol nó daoine aonair, a dhéantar saor in aisce, gan bheith ag smaoineamh ar airgead a thuilleamh, agus an tionchar dearfach a bhaineann léi laistigh den phobal.<br>• an chaoi ar féidir tacú le forbairt phearsanta a bhuí le hobair dheonach ar bhealaí fiúntacha | 2. an tábhacht atá le hobair dheonach sa phobal a aithint agus tuiscint a léiriú ar an gcaoi ar féidir tacú le forbairt phearsanta a bhuí le hobair dheonach |
| • eagraíochtaí pobail áitiúla agus tionscnaimh spéise, a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil chun obair dheonach a dhéanamh, ag cur lena phobal ar bhealach dearfach | 3. bealaí éagsúla le hobair dheonach a dhéanamh agus le cur lena phobal ar bhealach dearfach a shainaithint |
| • an chaoi le grúpaí éagsúla ina phobal a shainaithint a bhféadfadh saincheisteanna sa phobal áitiúil dul i gcion orthu ar bhealach dearfach agus/nó diúltach, amhail na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le caighdeán na beatha agus deiseanna eacnamaíocha | 4. an chaoi a ndeachaigh saincheisteanna sa phobal áitiúil i gcion ar ghrúpaí éagsúla ina phobal a shainaithint |
| <u>2. Fiontraíocht sa phobal</u> | |
| • fiontair amhail eagraíochtaí gnó ar bhonn brabúis, fiontair phobail agus shóisialta | 1. na cineálacha éagsúla fiontair laistigh de phobal a aithint |
| • fiontair shóisialta mar eagraíochtaí a cheanglaíonn misin láidre shóisialta, phobail agus/nó chomhshaoil le gníomhaíochtaí gnó; ar shamplaí de sin tá comharchumainn, comhair chreidmheasa agus eagraíochtaí gnó ar bhonn neamhbhrabúis, atá saincheaptha chun freastal ar riachtanais na bpobal a bhfreastalaíonn siad orthu agus a dhíríonn ar phoist a chruthú agus seirbhísí áitiúla a fheabhsú | 2. iniúchadh a dhéanamh ar shamplaí d'fhiontar a thugann aghaidh ar riachtanas laistigh dá phobal |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • na hinniúlachtaí a bhaineann leis an bhfiontraíocht amhail cruthaitheacht, nuálaíocht, dul i riosca, teacht aniar, cumarsáid éifeachtach, comhoibriú agus an tábhacht atá leo sa saol | 3. na hinniúlachtaí a bhaineann le fiontraíocht a léiriú, agus an tábhacht atá leo ina shaol a phlé |
| <u>3. Fadhbréiteach comhoibríoch</u><br><br>• fadhbréiteach mar phróiseas a dhíríonn ar réitigh éifeachtacha a aimsiú atá cruthaitheach agus nuálach, ar cumas tábhachtach é sin a fhorbraítear laistigh den oideachas, den oiliúint, den ionad oibre agus den phobal<br><br>• smaointeoireacht deartha mar chur chuige daonlárnach, cruthaitheach, fadhbréitigh ar tháinig forbairt air le himeacht ama ó chur chuige dírithe ar ghnó/fiontraíocht go cur chuige is féidir a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla chun fadhbanna casta a réiteach<br><br>• céimeanna na smaointeoireachta deartha lena gcuimsítear ionbhá a léiriú, sainiú, teacht ar smaointe, fréamhshamhlacha a fhorbairt agus réitigh a thástáil<br><br>• saincheisteanna ina phobal a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dúshlán nó a d'fhéadfadh deis a chur ar fáil do bhaill an phobail<br>• an chaoi le tuilleadh taighde a dhéanamh ar shaincheist chun tacú leis an gcás faidhbe a shainiú agus taighde a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chur chuige comhoibríoch dírithe ar réitigh i leith na faidhbe a sainaithníodh<br>• an chaoi le teacht ar réiteach nuálach agus an réiteach sin a thástáil amach leis na baill den phobal lena mbaineann | 1. an tábhacht atá le fadhbréiteach sa saol a aithint<br><br>2. an chaoi ar féidir leis an smaointeoireacht deartha tacú leis an bpróiseas fadhbréitigh a mhíniú agus breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi ar tháinig forbairt uirthi le himeacht ama<br><br>3. na céimeanna den phróiseas smaointeoireachta deartha a shainaithint<br><br>4. comhoibriú chun freagairt do shaincheist ina phobal, ach cur chuige smaointeoireachta deartha a ghlacadh i leith réiteach fadhbanna |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an tábhacht atá le réiteach beartaithe a bheachtú agus machnamh ar thorthaí na tástála agus/nó na trialach mar bhonn eolais faoi<br><br>• an chaoi le faisnéis a chomhtháthú agus a chur i láthair ar bhealach stuama mealltach do chineálacha éagsúla lucht féachana, lena bhféadfar a áireamh comhscoláirí agus baill den phobal, ar bhealaí éagsúla amhail téacs scríofa, cuir i láthair chlosamhairc, físeáin agus vlaganna | 5. forléargas ginearálta ar an bhfreagairt chomhoibríoch ar shaincheist phobail a chur i láthair agus réiteach féideartha a mholadh |
| <u>4. Tasc Foghlama Feidhmí 3</u><br><br>• uirlisí creata machnaimh a thacaíonn le hanailís ar an méid a chuireann siad le gach céim den tasc réitigh fadhbanna<br>• an chaoi le dúshláin a aithint agus a shárú ach an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm maidir le cásanna nua | 1. machnamh a dhéanamh ar an ról a bhí aige le linn gach céime den fhreagairt chomhoibríoch do shaincheist phobail ach úsáid a bhaint as cur chuige smaointeoireachta deartha i leith réiteach fadhbanna agus breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí a fhreagairt do shaincheist nua a bheachtú |

## Snáithe 2: A bheith ag Plé leis an Ionad Oibre

De réir mar a théann an scoláire i ngleic leis an snáithe seo, *A bheith ag Plé leis an Ionad Oibre*, díríonn sé ar an ról atá aige laistigh den ionad oibre ina phobal áitiúil agus/nó sa phobal níos leithne, anois agus níos faide anonn ina shaol. Foghlaimíonn an scoláire sa snáithe seo an chaoi le hiarratas a dhéanamh ar phoist agus forbraíonn sé tuiscint níos doimhne ar an bpróiseas iarratais, ar ghearrliostú agus ar an bpróiseas agallaimh, agus déanann sé cuimhneamh ar ról na teicneolaíochta sa phróiseas sin. Bíonn deiseanna líonmhara ag an scoláire sa snáithe seo le roinnt príomhinniúlachtaí a fhorbairt agus a léiriú, de réir mar a ullmhaíonn sé don taithí oibre ina phobal áitiúil nó sa phobal níos leithne agus a théann sé i ngleic léi, ar inniúlachtaí iad uile a thacaíonn leis an scoláire de réir mar a thosaíonn sé ag aistriú chuig deiseanna agus conairí éagsúla i ndiaidh na scoile. Ceapfaidh an scoláire plean agus déanfaidh sé measúnú ar an bplean a fhorbróidh sé chun aghaidh a thabhairt ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile, le linn a thaithí oibre, trína rannpháirteachas le Tasc Foghlama Feidhmí 4.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| <u>1. Iarratas a dhéanamh ar phost</u><br><br>• modhanna éagsúla chun iarratas a dhéanamh ar phost, ina measc foirmeacha iarratais, litreacha iarratais agus CVanna, tascanna ar líne agus líonrú, ach gan bheith teoranta do na nithe sin, agus na deiseanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ngeall ar úsáid na teicneolaíochta sa phróiseas seo | 1. comparáid a dhéanamh idir modhanna éagsúla le hiarratas a dhéanamh ar phost agus tuiscint a léiriú ar ról na teicneolaíochta sa phróiseas sin |
| • comhpháirteanna a bhfuil gá leo le linn iarratas a dhéanamh ar ról poist, ina measc faisnéis phearsanta, taithí oideachais agus oibre, tacair scileanna agus moltóirí<br>• na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le IS le linn iarratas a dhéanamh ar phost | 2. breac-chuntas a thabhairt ar na comhpháirteanna éagsúla a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar phost agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag IS sa phróiseas sin a phlé |
| • foirmeacha iarratais bunaithe ar inniúlachtaí, agus samplaí d'inniúlachtaí éagsúla bunaithe ar ghairm bheatha/agus nó ar phost a shainaithint | 3. tuiscint a léiriú ar fhoirm iarratais bunaithe ar inniúlachtaí, agus inniúlachtaí á sainaithint a léiríonn an ghairm bheatha agus/nó an ról poist a roghnaigh sé |
| • an chaoi a sainaithnítear na hiarratasóirí is fearr a chomhlíonann na ceanglais agus critéir sonraíochta duine le gearrliostú, chun aistriú chuig an gcéad chéim eile den phróiseas earcaíochta (agallamh)<br>• an ról atá ag IS agus ag an teicneolaíocht (tairbhí agus teorainneacha) sa phróiseas gearrliostaithe agus an chaoi is fearr ar féidir le hiarratasóirí a dtacar scileanna a ailíniú leis an sainchuntas poist | 4. ar próiseas gearrliostaithe a mhíniú agus an chaoi le rath a uasmhéadú sa phróiseas iarratais |
| • an próiseas a bhaineann le foirm iarratais bunaithe ar inniúlacht a chomhlánú | 5. iarratas a dhéanamh ar phost i réimse gairme roghnaithe, agus úsáid á baint as foirm iarratais bunaithe ar inniúlachtaí |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an chaoi le samplaí barántúla a úsáid óna chuid eispéireas foghlama féin ar scoil agus laistigh d'ábhair, eispéiris seach-churaclaim agus chomhchuraclaim agus eispéiris saoil chun inniúlachtaí bunaithe ar ghairm bheatha agus/nó ar phost a léiriú | |
| • an próiseas agallaimh agus an tábhacht atá le teacht i láthair agus cumarsáid phearsanta éifeachtach nuair a bhítear ag freagairt do cheisteanna agallaimh | 6. tuiscint a léiriú ar an bpróiseas agallaimh |
| • an chaoi le déileáil le díomá ar bhealach cuiditheach agus teacht aniar a chothú ach dul i ngleic le straitéisí machnaimh, meastóireacht a dhéanamh ar spriocanna agus glacadh le haiseolas cuiditheach | 7. a aithint gur eispéireas nádúrtha é díomá nuair a bhítear ag cur isteach ar phoist, agus breac-chuntas á thabhairt ar straitéisí chun teacht aniar a chothú |
| <u>2. Ag ullmhú do thaithí oibre agus ag dul i ngleic léi</u> | |
| • an tábhacht atá le ráiteas pearsanta chun tacú le heagraíocht tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh duine a bheith oiriúnach don chineál oibre nó don ról poist áirithe san eagraíocht | 1. plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí a ráiteas pearsanta tacú leis maidir le taithí oibre a fháil |
| • modhanna éagsúla foirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun teagmháil a dhéanamh le heagraíocht, agus an tábhacht atá leis an modh is oiriúnaí a roghnú don chomhthéacs le réasúnaíocht tacaíochta | 2. breac-chuntas a thabhairt ar mhodhanna éagsúla chun teagmháil a dhéanamh le heagraíocht le haghaidh taithí oibre, agus an modh is oiriúnaí á chosaint |
| • áirítear ar choinníollacha agus/nó ceanglais ábhartha a chinntiú go bhfuil faisnéis teagmhála do mhaoirseoir taithí oibre cothrom le dáta, beartais an ionaid oibre, uaireanta oibre, feasacht ar chineál na hoibre agus oiliúint riachtanach, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, an gnás feistis, socruithe maidir le hiompar chuig an eagraíocht agus ar ais uaithi | 3. aon choinníollacha nó ceanglais ábhartha a bhfuil gá leo sula dtosaítear ar thaithí oibre a iniúchadh |


| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an tábhacht atá le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána nuair a théitear i mbun taithí oibre in eagraíocht a oibríonn le páistí agus daoine fásta soghonta | |
| • láithreacht phoiblí ar na meáin shóisialta a úsáid chun tacú le líonrú agus san am céanna an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag láithreacht phoiblí ar na meáin shóisialta d'fhostóirí ionchasacha a aithint | 4. na deiseanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint le láithreacht phoiblí ar na meáin shóisialta ar fhostaíocht ionchasach a phlé |
| • an próiseas a bhaineann le machnamh, lena gcuimsítear breac-chuntas a thabhairt ar ionchais tosaigh na taithí oibre | 5. cur síos a dhéanamh ar a bhfuil sé ag súil leis maidir le taithí oibre |
| • an chaoi a bhféadfaí agallamh a éascú le ball den eagraíocht ionaid oibre ach dul i ngleic le hidirphlé leanúnach, ar mhaithe le tuilleadh a fhoghlaim faoin ról agus faoin gconair thacaíochta, ag díriú ar cheisteanna a thugann faisnéis faoin gcaoi a ndeachaigh baill den eagraíocht i ngleic le deiseanna oideachais agus oiliúna, an chaoi ar sháraigh siad dúshláin agus gnéithe dá gcuid oibre a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo | 6. agallamh a éascú le ball foirne san eagraíocht ionaid oibre |
| • creat machnaimh a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an aiseolas a fuarthas ó dhaoine eile san eagraíocht taithí oibre ar mhaithe le freagairt fhéideartha, lena bhféadfaí pleanáil le haghaidh feabhsúcháin a áireamh | 7. machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fuarthas ó dhaoine eile le linn taithí oibre agus breac-chuntas a thabhairt ar a bhfreagra |
| 3. Tasc Foghlama Feidhmí 4<br><br>• pleanáil maille le spriocanna, amhail spriocanna SMART, a bhfuil eispéiris foghlama fhiúntacha laistigh den tsonraíocht seo mar bhonn taca fúthu, rannpháirteachas níos leithne le | 1. plean a cheapadh lena dtabharfar aghaidh ar aiseolas a fuarthas ar thaithí oibre, ina léireofar freagairt ar an aiseolas agus ina ndéanfar measúnú ar thorthaí an ghnímh |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| hábhair agus modúil sa tsraith shinsearach, eispéiris foghlama seach-churaclaim agus chomhchuraclaim agus eispéiris saoil<br>• gnóthachtáil agus tionchar na spriocanna ar fhorbairt phearsanta a mheas agus a thomhas | |

## Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Spreagtar don scoláire sa tsraith shinsearach an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas a bheith níos neamhspleáiche, ag tacú le forbairt tiomantais ar feadh an tsaoil maidir le feabhas a chur ar a chuid foghlama agus forbartha pearsanta féin.

Cuireann Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta an scoláire i gcroílár a dhearaidh agus tá an timthriall foghlama ó thaithí, atá comhdhéanta de thrí chéim, rannpháirtíocht, machnamh agus cur i bhfeidhm, mar bhonn taca faoi. Ach dul i ngleic le foghlaim ó thaithí cuidítear le foghlaim an scoláire a dhoimhniú agus tacaítear leis na scileanna, an t-eolas, na luachanna agus na meonta a fhorbairt, is cinn a bheidh ag teastáil uaidh chun go n-éireoidh leis a bhealach a dhéanamh trína shaol amach anseo.




*Fíor 4 Timthriall na Foghlama ó Thaithí*

Cuireann Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta deiseanna ar fáil don scoláire le bheith rannpháirteach ina chuid foghlama, machnamh a dhéanamh uirthi agus í a chur i bhfeidhm ar eispéiris foghlama éagsúla, ar eispéiris iad a dhéanann forbairt ar a chéile agus a bhfuil an scoláire ina rannpháirtí gníomhach iontu. Bíonn eispéiris foghlama idir phraiticiúil agus éagsúil ó dhúchas, agus titeann siad amach laistigh den seomra ranga Staidéir Pobail, Saoil agus Oibre, trí eispéiris ábhair agus eispéiris seach-churaclaim agus chomhchuraclaim de chuid na sraithe sinsearaí sa phobal níos leithne. Is den tábhacht a thabhairt faoi deara nach próiseas docht líneach ná seicheamhach é an timthriall foghlama ó thaithí, cé go léirítear mar phróiseas trí chéim é, ach is amhlaidh a bhíonn sé atriallach ó dhúchas agus faoi cheangal an chomhthéacs.

Sula dtéann an scoláire i ngleic leis an gcéim rannpháirtíochta den timthriall, spreagtar dó leas a bhaint as a chuid foghlama agus eispéireas saoil roimhe seo. De réir mar a bhíonn an scoláire rannpháirteach in eispéireas foghlama, spreagtar dó a mhachnamh a dhéanamh air chun brí a bhaint as agus chun an méid a d'fhoghlaim sé a shainaithint. Ar deireadh, cuireann an scoláire a chuid foghlama i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as an eolas, na scileanna agus/nó na luachanna agus na meonta atá sealbhaithe aige le gairid chun bonn eolais a chur faoi chinntí agus gníomhartha anois agus amach anseo, ina dtosaíonn an chéim rannpháirtíochta an athuair, ó pheirspictíocht níos eolasaí.

Baineann an uile scoláire leas as teagasc follasach i scileanna an mhachnaimh agus na luachanna agus na meonta a fhorbairt a bhaineann le bheith ag dul i ngleic le heispéireas foghlama agus machnamh a dhéanamh air. Ina thaobh sin, féadfar tacú leis an scoláire a chumas machnamhach a fhorbairt ach úsáid a bhaint as creat machnamhach. Tá an timthriall foghlama ó thaithí oiriúnach don uile scoláire agus is féidir é a choigeartú a mhéid a bhaineann lena chastacht chun freastal ar riachtanais ar leith an scoláire. Is féidir le gach scoláire leas a bhaint as rannpháirtíocht ghníomhach i ndeiseanna foghlama ó thaithí atá oiriúnach don aois agus don chéim.

Príomhghné de Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre is ea páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama ghníomhacha éagsúla laistigh den seomra ranga agus sa phobal níos leithne araon. Is iad na múinteoirí is fearr atá in ann breithiúnais ghairmiúla a thabhairt ar an mbealach is fearr chun eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire a fhorbairt trína rannpháirteachas le heispéiris foghlama ghníomhacha éagsúla. I measc na samplaí d'eispéiris foghlama ar a bhfuil breac-chuntas laistigh den tsonraíocht, ar eispéiris iad a rachaidh an scoláire i ngleic leo ina phobal, tá taithí oibre agus tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna bunaithe ar an bpobal. Tacaítear leis na heispéiris sin le heispéiris foghlama éagsúla a mbeidh an scoláire

rannpháirteach leo laistigh den seomra ranga agus déantar iad a ailíniú leis na heispéiris chéanna. Is amhlaidh atá siad gníomhach ó dhúchas agus áirítear leo machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile agus freagairt a phleanáil don aiseolas sin.

A bhuí le cur chuige ar bhonn fiosraithe i leith an teagaisc agus na foghlama, is féidir leis an scoláire tabhairt faoi eispéiris foghlama a chuireann lena chuid riachtanas agus réimsí spéise féin. Bíonn gach scoláire difriúil maidir leis an méid agus an cineál tacaíochta a theastaíonn uaidh agus tacófar leis an scoláire idirghníomhú le Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre ar a leibhéal féin trí oideolaíochtaí ionchuimsitheacha a úsáid, ar nós teagasc idirdhealaithe agus dearadh uilíoch don fhoghlaim (DUF), straitéisí ar nós an leibhéal éilimh a bhaineann le gníomhaíocht foghlama a athrú, ceisteanna a chur a éilíonn cumas cognaíoch éagsúil, líon agus cineál na hidirghabhála múinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú.

## Teicneolaíocht Dhigiteach

Is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach ról a imirt chun feabhas breise a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú ar Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre. Is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach tacú leis an scoláire de réir mar a théann sé i ngleic leis an bhfoghlaim a shainaithnítear sa tsonraíocht, agus san am céanna is féidir léi deiseanna breise a chur ar fáil don scoláire freisin chun dul i ngleic le heispéiris foghlama éagsúla, ach úsáid a bhaint as cuir chuige fhíorúla agus chumaiscthe. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre, féadfaidh na deiseanna a bheith aige leis an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun:

- cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile
- dul i ngleic le heispéiris foghlama fhíorúla agus/nó chumaiscthe
- cáipéisí d'ardchaighdeán atá ilmhódach ó dhúchas a chruthú agus a fhorbairt
- taighde a dhéanamh ach úsáid a bhaint as uirlisí ar líne
- láidreachtaí agus teorainneacha uirlisí IS agus na ceisteanna eiticiúla a bhaineann leo a thuiscint
- punann dhigiteach a fhorbairt, ar comhthiomsú de dhéantáin dhigiteacha í

## Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe

a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar réasúnaíocht, ar aidhmeanna agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic. Beidh an scrúdú scríofa agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic, ar an leibhéal comónta araon. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

*Tábla 1 Achoimre ar an measúnú don teistiúchán*

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Mo Chuid Foghlama sa Phraitic | 60% | Comónta |
| Scrúdú scríofa | 40% | Comónta |

## Comhpháirt measúnaithe sa bhreis: Mo Chuid Foghlama sa Phraitic

Cuirtear deis ar fáil don scoláire sa Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic, a fhoghlaim a léiriú ar fud an chúrsa do Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre, agus an fhoghlaim mar atá leagtha amach sna torthaí foghlama agus sna Tascanna Foghlama Feidhmí laistigh de na snáitheanna staidéir a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs na dtrí ghné thrasghearrtha, rannpháirtíocht, machnamh agus cur i bhfeidhm. Baineann sí leis an

scoláire a bheith ag críochnú na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic, ina n-éileofar air a chumas próifíl phearsanta a fhorbairt agus freagairt do threoir a léiriú, ach úsáid agus leas a bhaint as a phunann, ar bailiúchán fianaise agus ábhar machnaimh í ar na heispéiris foghlama a ndeachaigh sé i ngleic leo i gcaitheamh an dá bhliain de staidéar. Foilseoidh CSS treoir a bheidh tráthúil ó dhúchas agus a bhainfidh le torthaí foghlama na sonraíochta gach bliain i dTéarma 2 de Bhliain 1 den chúrsa. Chomh maith le ceanglais shonracha na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic, a leagan amach, déanfar an méid a leanas leis an treoir:

- tacú leis an scoláire a chuid smaointeoireachta agus smaointe a fhorbairt ar shaincheist nó saincheisteanna a bhaineann leis an treoir ba mhian leis a shaothrú agus/nó a fhiosrú a thuilleadh
- pleanáil an mhúinteora agus an scoláire a éascú
- ábhar spreagtha a chuimsiú chun comhthéacs a bhunú don Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic
- tacú leis an scoláire dul i ngleic le heispéiris foghlama fhiúntacha
- tacú leis an scoláire úsáid agus leas a bhaint as a phunann scoláire de réir mar a théann sé i ngleic leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic

Éileofar ar an scoláire an tsaincheist nó na saincheisteanna a bhfuil breac-chuntas orthu laistigh de threoir a thuiscint agus a fhiosrú go criticiúil agus próifíl phearsanta a fhorbairt, lena gcuimseofar:

- forléargas pearsanta ar cé hé féin agus na deiseanna le haghaidh dul chun cinn atá ar fáil dó
- forléargas ar a chuid forbartha pearsanta trí lionsa na bpríomhinniúlachtaí, agus a rannpháirteachas le heispéiris foghlama éagsúla mar bhonn eolais faoi
- machnamh pearsanta ar an gcaoi ar fhorbair sé mar dhuine le himeacht an dá bhliain de rannpháirteachas leis an tsonraíocht agus le heispéireas níos leithne na sraithe sinsearaí.

Mar chuid dá Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic, cuirfidh an scoláire tuarascáil ilmhódach i gcrích a chuirfear faoi bhráid CSS go digiteach i dTéarma 2 de Bhliain 2 i bhformáid a shonróidh CSS.

Tá sé i gceist ag na Tuairisceoirí Cáilíochta léargas a thabhairt ar na hionchais ghinearálta maidir le scoláirí de réir mar a chuireann siad a gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis i gcrích. Le cáipéis ar leithligh, *Treoirlínte chun tacú le Mo Chuid Foghlama sa Phraitic*, tugtar treoir ar réimse ábhar a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a eagrú, a chur chun feidhme agus le maoirseacht a dhéanamh uirthi. Ceapadh an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis le haghaidh Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre le bheith comhtháite go nádúrtha i sreabhadh an teagaisc agus na foghlama.

## Tuairisceoirí cáilíochta le haghaidh Mo Chuid Foghlama sa Phraitic

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a dhéanann an scoláire in Mo Chuid Foghlama sa Phraitic. Go sonrach, éilíonn Mo Chuid Foghlama sa Phraitic ar an scoláire an méid a leanas a dhéanamh:

- tuiscint a léiriú ar cé hé féin agus ar a chuid deiseanna le haghaidh dul chun cinn
- dul i ngleic le heispéiris foghlama fhiúntacha agus ghníomhacha éagsúla
- machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar fhorbair sé go pearsanta le himeacht an dá bhliain de staidéar
- cumarsáid a dhéanamh le soiléireacht agus comhleanúnachas

*Tábla 2: Tuairisceoirí cáilíochta: Mo Chuid Foghlama sa Phraitic*

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| **Tuiscint** | • tuiscint chriticiúil a fhorbairt ar an treoir agus ar na saincheisteanna tacaíochta laistigh di<br>• tuiscint mheáite chuimsitheach a fhorbairt ar cé hé féin agus ar a chuid deiseanna le haghaidh dul chun cinn sa saol | • tuiscint a fhorbairt ar an treoir agus ar chuid de na saincheisteanna tacaíochta laistigh di<br>• tuiscint a fhorbairt ar cé hé féin mar dhuine agus ar a chuid deiseanna le haghaidh dul chun cinn sa saol | • tuiscint theoranta a fhorbairt ar an treoir agus ar na saincheisteanna tacaíochta laistigh di<br>• tuiscint theoranta a fhorbairt ar cé hé féin mar dhuine agus ar a chuid deiseanna le haghaidh dul chun cinn sa saol |
| **Dul i ngleic** | • dul i ngleic le fiosrú criticiúil ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa treoir<br>• dul i ngleic le heispéiris foghlama fhiúntacha éagsúla | • dul i ngleic le fiosrú ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa treoir go pointe áirithe<br>• dul i ngleic le roinnt eispéiris foghlama fhiúntacha | • dul i ngleic le fiosrú teoranta ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa treoir<br>• dul i ngleic le líon teoranta eispéireas foghlama fiúntach |
| **Machnamh** | • machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa treoir agus freagairt le moltaí chun aghaidh a thabhairt orthu<br>• dul i mbun machnamh meáite i gcaitheamh an phróisis | • machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa treoir agus freagairt le roinnt moltaí chun aghaidh a thabhairt orthu<br>• dul i mbun machnaimh i gcaitheamh an phróisis go pointe áirithe | • machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa treoir le freagairt theoranta agus moltaí chun aghaidh a thabhairt orthu<br>• dul i mbun machnamh teoranta ar an bpróiseas |
| **Cumarsáid** | • cumarsáid a dhéanamh ar bhealach deas soiléir ar fud formáidí oiriúnacha éagsúla<br>• freagairt stuama a chur i láthair i leith na treorach | • cumarsáid a dhéanamh ar bhealach réasúnta soiléir ar fud líon teoranta formáidí<br>• freagairt atá beagán stuama a chur i láthair | • cumarsáid a dhéanamh ar bhealach nach bhfuil chomh soiléir sin laistigh d'fhormáid amháin<br>• freagairt atá doiléir ó dhúchas a chur i láthair |

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú:

- an fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sna ceithre shnáithe staidéir
- cur i bhfeidhm na ngnéithe trasghearrtha a bhaineann le rannpháirtíocht, machnamh agus chur i bhfeidhm
- cur i bhfeidhm a rannpháirteachais leis na Tascanna Foghlama Feidhmí agus forbairt a phunainne agus a phróifíle pearsanta

## Socruithe réasúnta

Éilíonn an tsonraíocht seo do Nascmhodúil na hArdteistiméireachta go rachaidh an scoláire i ngleic le nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i Nascmhodúil na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 40% de na marcanna ar fad é agus comhpháirt bhreise ar fiú 60% í.  Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm is atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na hoiriúntais seo.

Is cúinsí iad sin inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasaithe, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na

Scrúduithe Stáit. Sula socraíonn sé ar staidéar a dhéanamh ar Nascmhodúil na hArdteistiméireachta, ba cheart don scoláire, i gcomhairle lena scoil agus lena thuismitheoirí/caomhnóirí, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach mbeadh sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú le haghaidh Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta

Déanfar Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 4 phointe. Is é Gradam an grád is airde; is é Gan Ghnóthachtáil an grád is ísle, maille le bandaí céatadáin tacaíochta, mar a leagtar amach i dTábla 3.

*Tábla 3: Grádú na hArdteistiméireachta*

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| Gradam | 80 - 100 |
| Tuillteanas | 65 - 79 |
| Pas | 50 - 64 |
| Gan Ghnóthachtáil | 0 - 49 |

## Aguisín 1 Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba cheart a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Tabhair breithmheas | píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | an bhrí, luach nó tábhacht a bhaineann le rud a aithint |
| Meas | nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Comhoibriú | bheith ag obair lena chéile nó in éineacht le daoine eile ar ghníomhaíocht nó ar thionscadal |
| Déan comparáid | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| Cruthaigh | rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine |
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Cuir síos | cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí na topaice, ag baint úsáid as focail, léaráidí agus/nó íomhánna |
| Ceap | rud éigin a phleanáil, a fhorbairt nó a chruthú le smaointeoireacht ghrinn |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí agus a bhfuil fianaise chuí mar thacaíocht aige |
| Scrúdaigh | breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| Éascaigh | plé a stiúradh ionas go bhfanann sé dírithe agus go mbaintear na spriocanna comhaontaithe amach |
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Léirigh | samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin |
| Iniúch | breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua |
| Cosain | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| Tabhair breac-chuntas | na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt |
| Cuir i láthair | rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a mheasúnú |
| Aithin (sonraí/faisnéis) | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| Machnaigh | machnamh meabhraitheach a dhéanamh ar ghníomhartha, taithí, luachanna agus léann d’fhonn léargais nua a fháil agus brí a bhaint astu |

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Déan taighde | fiosrú sonrach a dhéanamh, ach fianaise a bhailiú, a eagrú agus a anailísiú d'fhonn teacht ar chonclúidí |
| Tuig (tuiscint a léiriú) | corpas dea-eagraithe eolais a bheith ag duine agus é sin a chur i bhfeidhm |

